

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



Bog braon don seandúine

á chanadh ag
Antaine Ó Faracháin

‘Bog braon don seandúine’

Is amhrán beag simplí é an t-amhrán ‘Bog braon don seandúine’.

Tá na focail simplí agus tá an ceol simplí freisin.

Ach ceapaimse go bhfuil sé go hálainn.

Is suantraí é.

Ciallaíonn ‘suantraí’ amhrán a úsáidimid chun leanbh beag a chur a chodladh.

Ciallaíonn an focal ‘suan’ codladh.

Os rud é gur suantraí é caithimid é a chanadh go deas ciúin.

Cabhraíonn sin leis an leanbh titim ina chodladh.

Ach cé hé an seandúine san amhrán seo?

Bíonn an aghaidh atá ar leanbh cosúil leis an aghaidh atá ar sheandúine uaireanta, go speisialta nuair a bhíonn siad ina gcodladh. Is é an ‘seandúine’ atá i gceist san amhrán seo ná an leanbh beag mar sin!

Foinse: Tá leagan an-deas den amhrán seo ar fáil in:

Ó Cróinín, Dáibhí (ed.) 2000 *The Songs of Elizabeth Cronin*, Dublin: Four Courts Press pp 94-95.

Bog braon don seanduine

Curfá


Bog braon, bog braon,

Bog braon don seanduine,

Bog braon 's blais féin,

Bog braon/deoch don seanduine.

Cuir a chodladh, cuir a chodladh,
Cuir a chodladh an seanduine,
Cuir a chodladh, 's nigh a chosa,
'S bog deoch don seanduine.



Bog braon, bog braon,
Bog braon don seanduine,
Bog braon 's blais féin,
Bog braon/deoch don seanduine.

Ubh chirce, ubh chirce,
Ubh chirce don seanduine,
Ubh chirce, 's blúire ime,
'S é a thabhairt don seanduine.

Curfá

Bog braon, bog braon,

Bog braon don seanduine,

Bog braon 's blais féin,

Bog braon/deoch don seanduine.

Feoil úr, feoil úr,
Feoil úr, don seanduine,
Feoil úr 's braon súip,
'S é a thabhairt don seanduine.

Curfá

Bog braon, bog braon,

Bog braon don seanduine,

Bog braon 's blais féin,

Bog braon/deoch don seanduine.

Cuir a chodladh, cuir a chodladh,
Cuir a chodladh an seanduine,
Cuir a chodladh, 's nigh a chosa,
'S bog deoch don seanduine.

Míniú ar na focail:

ag bogadh = moving; Bog deoch don leanbh. = Tabhair rud éigin le n-ól don leanbh.

braon bainne = méid an-bheag bainne

blais féin = taste it yourself.

Déanann daoine é sin go minic roimh an deoch a thabhairt don leanbh ar eagla go bhfuil an bainne ró-the mar shampla.

Cuir a chodladh an 'seandúine'. = Cuir an leanbh ina chodladh (**buachaill**) / ina codladh (cailín).

Nigh a chosa. = Glan a chosa le huisce.

Ubh chirce = a hen's egg

blúire = méid an-bheag.

im = butter.

blúire ime = píosa beag den im

Feoil: ispíní, bágún, liamhas, caoireoil, mairteoil, sicín srl. (srl. = etc.)

úr = nua
Mar shampla: bainne úr = fresh milk

súp/anraith = soup braon súp = méid an-bheag den anraith

Buíochas le:

Bernie Kelly

Oifigeach Gaeilge, An Rannóg Cumarsáide, Comhairle Contae
Fhine Gall, Áras an Chontae, Sord, Contae Átha Cliath, K67
X8Y2. Teil: 087 7183887

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



© Antaine Ó Faracháin 05/02/2021

Tá fáilte romhat úsáid phearsanta a bhaint as an ábhar seo ach é sin amháin le do thoil.

You are very welcome to use this material for personal use but please do not use it for any other purpose.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ó Antaine Ó Faracháin ag madra54321@gmail.com

Má tá tú ag iarraidh tuilleadh amhrán a fhoghlaim féach ar

www.seannos.ie

sncl2009@gmail.com